

## **Cuntas Leithreasa 2018**

---

### **Vóta 42**

### **Forbairt Tuaithe agus Pobail**

---

## Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

- a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe i gcabhair, agus
- a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil i 2018 as leithreasuithe 2017 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear barrachas €5.411 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

### ***Bunú na Roinne***

Bunaíodh an Roinn i mí Iúil 2017 agus ba í an bhliain 2018 an chéad bhliain iomlán a raibh an Roinn i mbun feidhme. Tá an Roinn bunaithe ar fheidhmeanna a aistríodh ó Ranna eile, agus tá a ndúshlán féin ag baint leis sin. Áirítear orthu sin an gá atá le hathrú ó chórais rialaithe a bhí ann cheana agus córais chuí a chur i bhfeidhm, agus ag cinntiú go bhfuil feidhmeanna agus cláir á gcur ar fáil ar bhealach éifeachtach ag an am céanna. Le linn na bliana 2018, lean an Roinn den phróiseas sin córais a fhorbairt agus na córais sin a chur i bhfeidhm.

### ***An taistriú feidhmeanna***

Rinneadh an cuntas a ullmhú de réir na Meastachán Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2018, i ndiaidh an Chláir Seirbhísí Pobail a aistriú ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (Vóta 37) le héifeacht ón 1 Eanáir 2018 (IR 578 de 2017).

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

### *Dearbhú ar sheirbhísí comhroinnte*

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ó Bhealtaine 2018.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa Chomhaontú Bainistíochta Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhair ón an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais a chur ar fáil don Roinn seo.

Suas go Bealtaine 2018, ba í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Cultúir Oidhreacht agus Gaeltachta; agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhí i mbun na bhfeidhmeanna párolla a chur ar fáil ar bhonn gníomhaireachta. Bhí na Ranna sin ag brath chomh maith ar an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus ar na rialuithe agus ar na córais iniúchóireachta a bhí i bhfeidhm san Oifig sin.

An tlonad um Chomhsheirbhísí Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Vóta 24) a chuireann na comhsheirbhísí airgeadais ar fáil. Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa Chomhaontú Bainistíochta Seirbhísí idir an Roinn seo agus an tlonad Comhsheirbhísí Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhlíonta agam.

Táim ag brath ar litir dhearbhair ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais a chur ar fáil don Roinn seo.

### *Timpeallacht rialála airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe anois ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá coiste iniúchta ann d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras inmheánach don rialáil airgeadais.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.
- Baineann an Roinn úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) inter alia, chun riachtanais oiliúna na foirne a aithint, lena n-áirítear scileanna bainistithe airgeadais agus cuntasaíochta. Déantar an oiliúint atá de dhíth a eagrú nó a fhoinsíú de réir mar is cuí ansin.

### ***Gnáis rialála maidir le cúrsaí riaracháin agus tuairiscíocht bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go bhfuil ach go háirithe

- Córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach ann.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Tá Meabhrán Tuisceana comhaontaithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) i leith seirbhísí ICT a chuirtear ar fáil don Roinn seo.

Is aonad laistigh den D/PER í an OGCIO a chuireann comhairle polasaí ar fáil go ginearálta ar ICT agus cuireann sí seirbhísí ICT ar fáil do roinnt Ranna. Ghlac an OGCIO cúram ar fhreagrachtaí ICT i Márta 2018 agus tá freagracht tharmलगithe uirthi slándáil i ndáil le cúrsaí ICT a chinntiú.

Suas go dtí Feabhra 2018 agus lena linn, rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta seirbhísí ICT na Roinne a láimhseáil ar bhonn gníomhaireachta.

- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí i bhfeidhm.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. Deimhním gur chloí an Roinn leis na treoirlínte sin le linn 2018.

### ***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilete go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa a ceadaíodh i Márta 2018. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Mar chuid den fhorbairt leanúnach ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, déanfaidh mé féin agus an coiste iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil uirthi. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

### ***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Sonraítear sa chlár rioscaí chomh maith na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

Tá Coiste Riosca ag an Roinn chomh maith chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistithe riosca agus ar a chur i bhfeidhm. Tá comhaltaí ar fad an Bhoird Bainistíochta ar an gCoiste agus tagann an coiste le chéile go ráithiúil. Déantar an clár riosca a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú ráithiúil.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Dearbhaím go bhfuil príomhríosaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialála airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí i rialú airgeadais inmheánaigh sna ráitis airgeadais maidir le 2018 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu. Ag glacadh san áireamh gurbh í 2018 an chéad bhliain iomlán a raibh an Roinn i mbun feidhme, leanfaidh an Roinn de bhéim dhírith a bheith aici ar chur i bhfeidhm na rialuithe airgeadais inmheánaigh agus d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na rialuithe sin i 2019.

**Kevin McCarthy**  
Oifigeach Cuntasaíochta  
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

18 Meán Fómhair 2019

## **Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

### **Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

## **Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail**

### **Tuairim ar an gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltas agus an caiteachas a bhain le Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### ***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Forbairt Tuaithe agus Pobail agus tá na freagrachtaí eiteice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### **Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

## Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

### Cuntas Leithreasa 2018

|                         |                                           | 2018            |               | 2017          |
|-------------------------|-------------------------------------------|-----------------|---------------|---------------|
|                         |                                           | Soláthar measta | Toradh        | Toradh        |
|                         |                                           | €000            | €000          | €000          |
| <b>Caiteachas Cláir</b> |                                           |                 |               |               |
| A                       | Forbairt tuaithe agus gnóthaí réigiúnacha |                 |               |               |
|                         | <i>Soláthar don bhliain reatha</i>        | 93,384          |               |               |
|                         | <i>Géilleadh iarchurtha</i>               | 7,700           |               |               |
|                         |                                           | 101,084         | 87,626        | 54,873        |
| B                       | Forbairt pobail                           | 133,596         | 145,764       | 77,139        |
| C                       | An tÚdarás Rialála Carthanas              | 4,552           | 4,093         | 3,992         |
| <b>Ollchaiteachas</b>   |                                           |                 |               |               |
|                         | <i>Soláthar don bhliain reatha</i>        | 231,532         |               |               |
|                         | <i>Géilleadh iarchurtha</i>               | 7,700           |               |               |
|                         |                                           | 239,232         | 237,483       | 136,004       |
| <i>Asbhain</i>          |                                           |                 |               |               |
| D                       | <b>Leithreasaí i gCabhair</b>             | <b>23,231</b>   | <b>26,893</b> | <b>21,662</b> |
| <b>Glanchaiteachas</b>  |                                           |                 |               |               |
|                         | <i>Soláthar don bhliain reatha</i>        | 208,301         |               |               |
|                         | <i>Géilleadh iarchurtha</i>               | 7,700           |               |               |
|                         |                                           | 216,001         | 210,590       | 114,342       |

### Barrachas

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlíte lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitíl a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Ní raibh aon ghéilleadh iarchurtha ann lena thabhairt ar aghaidh go dtí 2019.

|                               | 2018             | 2017              |
|-------------------------------|------------------|-------------------|
|                               | €                | €                 |
| Barrachas                     | 5,410,518        | 32,399,966        |
| Géilleadh iarchurtha          | —                | (7,700,000)       |
| <b>Barrachas le géilleadh</b> | <b>5,410,518</b> | <b>24,699,966</b> |

### Kevin McCarthy

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

18 Meán Fómhair 2019

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

|                                                    | 2018           | 2017           |
|----------------------------------------------------|----------------|----------------|
| €000                                               | €000           | €000           |
| Costas cláir                                       | 228,414        | 130,318        |
| Pá                                                 | 7,515          | 4,954          |
| Neamhphá                                           | 1,554          | 732            |
| <b>Ollchaiteachas</b>                              | <b>237,483</b> | <b>136,004</b> |
| <i>Asbhain</i>                                     |                |                |
| <b>Leithreasaí i gcabhair</b>                      | <b>26,893</b>  | <b>21,662</b>  |
| <b>Glanchaiteachas</b>                             | <b>210,590</b> | <b>114,342</b> |
| <b>Athraithe maidir le sócmhainní caipitil</b>     |                |                |
| Ceannacháin (airgead tirim)                        | (351)          |                |
| Dímheas                                            | 52             |                |
|                                                    | (299)          | (39)           |
| <b>Athruithe i nglansócmhainní reatha</b>          |                |                |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh                      | (8,387)        | (6,429)        |
| Laghdú ar stoc                                     | 3              | (3)            |
| <b>Caiteachas díreach</b>                          | <b>201,907</b> | <b>107,871</b> |
| <b>Caiteachas iompraíodh in áit eile</b>           |                |                |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 2,044          | 2              |
| Measchíosanna                                      | —              | 260            |
| <b>Costas glan clár</b>                            | <b>203,951</b> | <b>108,133</b> |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghuaillithe

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí comhghuaillithe comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a iompraíodh in áit éigin eile.

|                                          | 2018         | 2017     |
|------------------------------------------|--------------|----------|
|                                          | €000         | €000     |
| Vóta 12 Aoisliúntas                      | 190          | —        |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí       | 1,516        | 2        |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta  | 7            | —        |
| Vóta 24 Díl agus Ceart agus Comhionannas | 331          | —        |
|                                          | <b>2,044</b> | <b>2</b> |

**Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018**

|                                    | Nóta | 2018<br>€000  | 2017<br>€000   |
|------------------------------------|------|---------------|----------------|
| <b>Sócmhainní caipitiúla</b>       | 2.2  | 340           | 41             |
| <b>Sócmhainní reatha</b>           |      |               |                |
| Stoic                              |      | —             | 3              |
| Réamhíocaíochtaí                   |      | 9,605         | 2,444          |
| Ioncam fabhraithe                  |      | 5,469         | 4,150          |
| Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste   | 2.4  | 1,707         | (7,693)        |
| Iarmhéideanna eile dochair         |      | 69            | —              |
| <b>Iomlán na sócmhainní reatha</b> |      | <b>16,850</b> | <b>(1,096)</b> |
| <b>Lúide dliteanais reatha</b>     |      |               |                |
| Rótharraingt bhainc                | 2.3  | 1,206         | (7,990)        |
| Speansais fhabhraithe              |      | 258           | 165            |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa     |      | 570           | 297            |
| <b>Iomlán na ndlíteanas reatha</b> |      | <b>2,034</b>  | <b>(7,528)</b> |
| <b>Glan-sócmhainní reatha</b>      |      | <b>14,816</b> | <b>6,432</b>   |
| <b>Glan-sócmhainní</b>             |      | <b>15,156</b> | <b>6,473</b>   |
| <b>Léirithe ag:</b>                |      |               |                |
| <b>Cuntas maoinithe Stáit</b>      | 2.1  | <b>15,156</b> | <b>6,473</b>   |

**2.1 Cuntas an mhaoinithe stáit**

|                                                     | Nóta    | 2018<br>€000  | 2017<br>€000 |
|-----------------------------------------------------|---------|---------------|--------------|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir                                |         | 6,473         | —            |
| Eisiocaíochtaí as an Vóta                           |         |               |              |
| Soláthar measta                                     | Cuntas  | 216,001       |              |
| Barrachas le géilleadh                              | Cuntast | (5,411)       |              |
| Géilleadh iarchurtha                                | Cuntas  | —             |              |
| Vóta glan                                           |         | 210,590       | 114,342      |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1     | 2,044         | 2            |
| Caiteachas Neamh-airgid - measchíosanna             | 1       | —             | 260          |
| Glanluach na sócmhainní a aistríodh                 | 2.2     | —             | 2            |
| Glanchostas clár                                    | 1       | (203,951)     | (108,133)    |
| <b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>                       |         | <b>15,156</b> | <b>6,473</b> |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

|                                                 | Trealamh<br>TF agus<br>oifige<br>€000 | Troscán<br>agus feistis<br>€000 | Iomlán<br>€000 |
|-------------------------------------------------|---------------------------------------|---------------------------------|----------------|
| <b>Ollsócmhainní</b>                            |                                       |                                 |                |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2018      | 593                                   | 12                              | 605            |
| Suimeanna Breise                                | 247                                   | 104                             | 351            |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2018    | 840                                   | 116                             | 956            |
| <b>Dímheas carntha</b>                          |                                       |                                 |                |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2018        | 559                                   | 5                               | 564            |
| Dímheas don bhliain                             | 50                                    | 2                               | 52             |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2018       | 609                                   | 7                               | 616            |
| <b>Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018</b> | <b>231</b>                            | <b>109</b>                      | <b>340</b>     |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2017        | 34                                    | 7                               | 41             |

**2.3 Rótharraingt Bhainc**

| amhail an 31 Nollaig                 | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|--------------------------------------|--------------|--------------|
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | (1,206)      | 7,990        |

**2.4 Glanmhaoiniú dlíte ón Stáitchiste**

| amhail an 31 Nollaig                     | 2018<br>€000   | 2017<br>€000 |
|------------------------------------------|----------------|--------------|
| Barrachas le géilleadh                   | 5,411          | 24,700       |
| Géilleadh iarchurtha                     | —              | 7,700        |
| Deontas ón stáitchiste nár tarraingíodh  | (7,118)        | (24,707)     |
| <b>Glanmhaoiniú dlíte ón Stáitchiste</b> | <b>(1,707)</b> | <b>7,693</b> |
| <b>Léirithe ag:</b>                      |                |              |
| <b>Féichiúnaithe</b>                     |                |              |
| Rótharraingt bhainc                      | —              | 7,990        |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí        | 69             | —            |
|                                          | 69             | 7,990        |
| <b>Creidiúnaithe</b>                     |                |              |
| Rótharraingt bhainc                      | (1,206)        | —            |
| Dlíte don Stát                           |                |              |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí    | (570)          | (297)        |
|                                          | (1,776)        | (297)        |
|                                          | <b>(1,707)</b> | <b>7,693</b> |

**2.5 Tiomantais**

| amhail an 31 Nollaig                           | 2018           | 2017           |
|------------------------------------------------|----------------|----------------|
|                                                | €000           | €000           |
| Forbairt Eacnamaíochta Réigiúnach              | 64             | —              |
| Forbairt Leabharlann agus Seirbhís Chartlainne | 1,016          | 601            |
| An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil                  | 4,235          | —              |
| Na Scéimeanna Forbartha Tuaithe Náisiúnta      | 24,190         | —              |
| Athghiniúint na mBailte agus na Sráidbhailte   | 29,315         | —              |
| SICAP                                          | 40,500         | 40,228         |
| LEADER                                         | 185,039        | 208,427        |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí      | <b>284,359</b> | <b>249,256</b> |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar riar an chaiteachais

|     |                                                                      | 2018         | 2017         |
|-----|----------------------------------------------------------------------|--------------|--------------|
|     | Soláthar measta                                                      | Toradh       | Toradh       |
|     | €000                                                                 | €000         | €000         |
| i   | Tuarastail, pá agus liúntais                                         | 8,338        | 4,954        |
| ii  | Taisteal agus cothabháil                                             | 604          | 239          |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha                    | 539          | 108          |
| iv  | Seirbhísí postachais agus teileachumarsáide                          | 207          | 36           |
| v   | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF                        | 1,717        | 333          |
| vi  | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige                            | 325          | 16           |
| vii | Comhairleoireacht agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | 39           | -            |
|     | <b>11,769</b>                                                        | <b>9,069</b> | <b>5,686</b> |

#### Athrúcháin shuntasacha

Tugtar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh an caiteachas riaracháin a chionroinnt ar chlár A, B agus C chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

#### ii Taisteal agus cothabháil

Soláthar measta: €604,000, toradh: €306,000

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar leibhéil ionchais foirne a bhaint amach agus ar chostais a bheith níos ísle ná mar a measadh a raibh an t-easnamh €298,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta.

#### iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha

Soláthar measta: €539,000, toradh: €711,000

Ba mar thoradh ar speansais theagmhasacha, atá in ann a bheith ag athrú, a bheith níos mó ná mar a bhí súil leis a raibh méadú €172,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta.

#### iv Seirbhísí postachais agus teileachumarsáide

Soláthar measta: €207,000, toradh: €52,000

Ba mar thoradh ar na costais a bhain le postas a bheith níos lú ná mar a bhí súil leis a raibh easnamh €155,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

#### v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar measta: €1.717 milliúin, toradh: €364,000

Ba mar thoradh ar chaiteachas níos lú ná mar a measadh a bheith ar threalamh agus ar sheirbhísí TF a raibh easnamh €1.353 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta. De bhrí go bhfuil samhail athmhúirearaithe chuí á forbairt le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), níor gearradh costais seirbhísí comhroinnte ICT chuig an DRCD i 2018.

#### vi Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige

Soláthar measta: €325,000, toradh: €108,000

Ba mar thoradh ar níos lú caiteachais ar speansais i ndáil le háitreabh na hoifige ná mar a bhí súil leis a raibh easnamh €217,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

**Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha**

|      |                                                                                                  | 2018            |               | 2017          |
|------|--------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------|---------------|---------------|
|      |                                                                                                  | Soláthar measta | Toradh        | Toradh        |
|      |                                                                                                  | €000            | €000          | €000          |
| A.1  | Riarachán – pá                                                                                   |                 | 4,644         | 4,208         |
| A.2  | Riarachán – neamhphá                                                                             |                 | 1,914         | 876           |
| A.3  | Bearta na gcuntas díomhaoín                                                                      |                 | 4,326         | 4,320         |
| A.4  | Coimisiún Forbartha an Iarthair                                                                  |                 | 1,516         | 1,436         |
| A.5  | Scéimeanna forbartha tuaithe náisiúnta                                                           |                 |               |               |
|      | <i>Soláthar reatha</i>                                                                           | 18,983          |               |               |
|      | <i>Géilleadh iarchurtha</i>                                                                      | 2,700           |               |               |
|      |                                                                                                  |                 | 21,683        | 20,426        |
| A.6  | LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe                                                           |                 |               |               |
|      | <i>Soláthar reatha</i>                                                                           | 35,000          |               |               |
|      | <i>Géilleadh iarchurtha</i>                                                                      | 5,000           |               |               |
|      |                                                                                                  |                 | 40,000        | 24,587        |
| A.7  | Comórtas na mBailte Slachtmhara                                                                  |                 | 1             | 1             |
| A.8  | Athghiniúint na mbailte agus na sráidbhailte                                                     |                 | 15,000        | 12,754        |
| A.9  | Forbairt eacnamaíochta faoi tuath, forbairt leathanbhanda agus forbairt eacnamaíochta réigiúnach |                 | 2,000         | 2,616         |
| A.10 | Na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla                                                               |                 | 10,000        | 16,401        |
|      |                                                                                                  | <b>101,084</b>  | <b>87,626</b> | <b>54,873</b> |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár A €13.458 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.474 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana; bhain iarmhéid an athraithe, €11.984 milliún, leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**A5 Scéimeanna forbartha tuaithe náisiúnta**

Soláthar measta: €21.683 milliún, toradh: €20.426 milliún

Cuirtear maoiniú le haghaidh roinnt scéimeanna ar fáil faoin bhfo-cheannteideal seo lena n-áirítear an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS), Scéim na Siúlóidí agus CLÁR, chomh maith le roinnt tionscnamh eile faoina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt tuaithe. Ba mar thoradh go mbíonn obair bonneagair lasmuigh i gceist leis na scéimeanna sin agus go bhfuil siad faoi réir ag athruithe ar na sceidil a measadh roimh ré chun na tograí sin a chur i gcrích a tharla an t-easnamh €1.257 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta den chuid is mó.

**A6 LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe**

Soláthar measta: €40 milliún, toradh: €24.587 milliún

Ba mar gheall gur clár éileamh bhunaithe é LEADER agus go raibh na tréimhsí ama a bhí i gceist chun tograí a cheadú níos faide ná mar a measadh ar dtús a raibh an t-easnamh €15.413 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta. Ina theannta sin, ní féidir éilimh ar aisghabháil a dhéanamh go dtí go mbeidh an obair críochnaithe agus dá bharr sin, glacann sé roinnt ama ar na tograí atá ceadaithe an maoiniú a tharraingt anuas.

**A8** *Athghiniúint na mbailte agus na sráidbhailte*

Soláthar measta: €15 milliún, toradh: €12.755 milliún

Ba mar thoradh ar mhoill bheag a bheith ar na tograí caipitil a thabhairt chun críche agus tarraingt anuas an mhaoinithe a bheith níos ísle ná mar a measadh mar thoradh air sin a tharla easnamh €2.245 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

**A9** *Forbairt eacnamaíochta faoi tuath, forbairt leathanbhanda agus forbairt eacnamaíochta réigiúnach*

Soláthar measta: €2 milliún, toradh: €2.616 milliún

Ba mar thoradh ar éileamh níos mó ná mar a measadh a bheith ar chlár um nuálaíocht dhigiteach na Roinne a tharla méadú €616,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta den chuid is mó. Ina theannta sin, rinneadh maoiniú a leithroinnt chun cómhaoiniú a dhéanamh ar líonra d'oifigigh maidir le Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh (AEC) a chruthú sna húdaráis áitiúla chun borradh a chur faoi fhorbairt réigiúnach sa réigiún i gcomhréir le beartas Rialtais.

**A10** *Na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla*

Soláthar measta: €10 milliún, toradh: €16.401 milliún

Ba mar thoradh ar infheistíocht bhreise in obair fheabhsúcháin ar bhóithre agus ar lánáil beaga i gceantair faoin tuath a dhéanamh (nach dtagann faoi ghnáthchothabháil na n-údarás áitiúil) a tharla an méadú €6.401 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Tugadh faoin obair i gcomhthéacs sainchúram foriomlán chun an caighdeán saoil atá ag daoine atá ina gcónaí i gceantair faoin tuath a fheabhsú agus éileamh mór nárbh fhéidir a shásamh ar an scéim seo.

**Clár B Forbairt Pobail**

|      |                                                                                        | 2018            |                | 2017          |
|------|----------------------------------------------------------------------------------------|-----------------|----------------|---------------|
|      |                                                                                        | Soláthar measta | Toradh         | Toradh        |
|      |                                                                                        | €000            | €000           | €000          |
| B.1  | Riarachán – pá                                                                         | 3,618           | 3,231          | 1,825         |
| B.2  | Riarachán – neamhphá                                                                   | 1,487           | 664            | 342           |
| B.3  | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta)                  | 12,687          | 14,974         | 12,991        |
| B.4  | SICAP, tacaíochtaí forbartha áitiúla / réigiúnaí (An Crannchur Náisiúnta) <sup>a</sup> | 43,230          | 43,185         | 42,511        |
| B.5  | Coiste forbartha Pobail áitiúil (tacaíocht)                                            | 1,905           | 2,123          | 715           |
| B.6  | RAPID <sup>b</sup>                                                                     | 6,000           | 5,678          | 4,962         |
| B.7  | Bearta na gcuntas díomhaoin                                                            | 5,750           | 5,750          | 2,120         |
| B.8  | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas                                               | 3,728           | 3,986          | 959           |
| B.9  | Sábháilteacht Uisce na hÉireann                                                        | 1,014           | 1,254          | 1,007         |
| B.10 | Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne                                         | 3,852           | 8,062          | 7,628         |
| B.11 | Ciste áiseanna pobail                                                                  | 2,000           | 10,515         | 2,000         |
| B.12 | An Clár um sheirbhísí pobail                                                           | 46,190          | 43,525         | -             |
| B.13 | Aonaid um uilechuimsitheacht shóisialta <sup>c</sup>                                   | 550             | 531            | -             |
| B.14 | Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí <sup>d</sup>                                           | 1,550           | 2,206          | -             |
| B.15 | Seirbhísí eile                                                                         | 35              | 79             | 80            |
|      |                                                                                        | <b>133,596</b>  | <b>145,764</b> | <b>77,140</b> |

Nótaí <sup>a</sup> SICAP - Déantar foráil leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Pobail (SICAP) 2018 - 2022 do mhaoiniú chun dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta trí chaidreamh gníomhach áitiúil a dhéanamh agus trí chomhpháirtíochtaí a chruthú idir daoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí earnála poiblí.

<sup>b</sup> RAPID- Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistiocht agus Forbairt (RAPID). Rinneadh soláthar faoin gClár RAPID nuachóirithe do thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí atá ag dul i ngleic le heisiámh sóisialta agus don iarracht feabhas a chur ar chaighdeán na beatha i gceantair uirbeacha agus i mbailte tuaithe faoi mhíbhuntáiste ar fud na tíre.

<sup>c</sup> Aistríodh an fhreagracht as scéim na nAonad um uilechuimsitheacht Shóisialta ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil le héifeacht ón 27 Iúil 2017 (S. I. 357 de 2017). Roimh an dáta sin bhí an scéim á maoiniú tríd an gCiste Rialtais Áitiúil.

<sup>d</sup> Aistríodh freagracht as scéim na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil le héifeacht ón 27 Iúil 2017 (S. Uimh. 357 de 2017). Roimh an dáta sin bhí an scéim á maoiniú tríd an gCiste Rialtais Áitiúil. I 2017, thabhaigh an Vóta seo caiteachas de €40,000 i leith na scéime seo faoi Fho-mhírcheann B.3. Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta).

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár B €12.168 milliún níos airde ná mar a luadh ar dtús. Bhain €1.209 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana agus bhain iarmhéid an athraithe, €13.377 milliún, leis na nithe seo a leanas:

**B3 Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta)**

Soláthar measta: €12.687milliún, toradh: €14.974milliún

Ba mar gheall ar an éileamh mór ar an Scéim *Seniors Alert* a bhí an méadú €2.287 milliún, den chuid is mó, i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Tacaíonn an scéim, atá bunaithe ar éileamh, le daoine leochaileacha atá níos sine sa phobal le go mbeidh siad ábalta cónaí go sábháilte sa bhaile.

- B.5** *Coiste forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)*  
 Soláthar measta: €1.905 milliún, toradh: €2.123 milliún  
 Ba mar thoradh ar an ngá a bhí ann tacú le húdaráis áitiúla ina ról leathnaithe pobail mar thoradh ar an bpróiseas athchóirithe rialtais áitiúil an méadú €218,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.
- B.6** *RAPID*  
 Soláthar measta: €6.000 milliún, toradh: €5.678 milliún  
 Tharla easnamh €322,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta mar thoradh ar an am a ghlac sé scéim phiolótach fostaíochta sóisialta a chur ar a cosa faoin bhfo-cheannteideal seo.
- B.8** *An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas*  
 Soláthar measta: €3.728 milliún, toradh: €3.986 milliún  
 Ba mar thoradh ar bhreis gníomhaíochta faoin gclár PEACE agus costais a thabhaigh tairbhíthe faoin gclár PEACE sa bhliain 2018 a tharla an méadú €258,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.
- B.9** *Sábháilteacht Uisce na hÉireann*  
 Soláthar measta: €1.014 milliún, toradh: €1.254 milliún  
 Ba mar thoradh ar mhaoiniú a dhéanamh ar fheachtas sna meáin le linn shamhradh 2018 chun cur le feasacht ar an tábhacht atá le sábháilteacht uisce a bhí an méadú €240,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Phleanáil Éigeandála a mhol an cur chuige seo i bhfianaise méadú a bheith ar líon na ndaoine a bhí ag triail ar an gcósta le linn an teaspaigh mhóir.
- B.10** *Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne*  
 Soláthar measta: €3.852 milliún, toradh: €8.062 milliún  
 Ba mar thoradh ar phacáiste mór infheistíochta le haghaidh seirbhísí digiteacha agus áiseanna i leabharlanna poiblí i gcomhréir le straitéis "Ár Leabharlanna Poiblí 2022" an Rialtais a raibh méadú €4.21 milliún i gcomórtas leis an soláthar measta.
- B.11** *An Ciste Áiseanna Pobail*  
 Soláthar measta: €2 milliún, toradh: €10.515 milliún  
 Ba mar thoradh ar chlár feabhsúcháin pobail ar cuireadh síneadh leis atá leagtha amach chun maoiniú caipitil a leithroinnt ar phobail ar fud na tíre chun feabhas a chur ar áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste a raibh méadú €8.515 milliún ar chaiteachas.
- B.12** *An Clár um Sheirbhísí Pobail*  
 Soláthar measta: €46.190 milliún, toradh: €43.525 milliún  
 Ba mar thoradh ar an líon eagraíochtaí a chuir tús le clár le linn na bliana a bheith níos lú ná mar a bhí pleanáilte ar dtús, agus de bharr gur chuir roinnt eagraíochtaí tús cláir níos déanaí amach sa bhliain ná mar a raibh súil leis a raibh easnamh €2.665 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta.
- B.14** *Líonraí rannpháirtíochta poiblí*  
 Soláthar measta: €1.550 milliún, toradh: €2.20 milliún  
 Ba mar thoradh ar an ngá a bhí ann tacaíocht riaracháin a chur ar fáil chun líonraí rannpháirtíochta pobail a bhunú de dheasca an ról pobail níos mó a tháinig chun cinn ó phróiseas athchóirithe an rialtais áitiúil a raibh méadú €656,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

**Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas**

|     |                              | 2018            | 2017         |
|-----|------------------------------|-----------------|--------------|
|     |                              | Soláthar measta | Toradh       |
|     |                              | €000            | €000         |
| C.1 | Riarachán – pá               | 76              | -            |
| C.2 | Riarachán – neamhphá         | 30              | -            |
| C.3 | An tÚdarás Rialála Carthanas | 4,446           | 3,992        |
|     |                              | <b>4,522</b>    | <b>3,992</b> |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár C €459,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €18,000 de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana; bhain iarmhéid an athraithe, €441,000, leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**C3 An tÚdarás Rialála Carthanas**

Soláthar measta: €4.446 milliún, toradh: €4.005 milliún

Ba mar thoradh ar chostais cláir a bhain le pá san Údarás Rialála Carthanas a bheith níos lú ná mar a bhí súil leis de bharr moill a bheith ar earcaíocht a raibh easnamh €441,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasáí i gcabhair

|                                                                          | 2018           |                   | 2017              |
|--------------------------------------------------------------------------|----------------|-------------------|-------------------|
|                                                                          | Measta<br>€000 | Réadaithe<br>€000 | Réadaithe<br>€000 |
| 1 Míreanna Ilghnéitheacha                                                | 50             | 174               | 112               |
| 2 LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe                                 | 11,000         | 13,835            | 17,065            |
| 3 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas                               | 1,800          | 2,344             | 8                 |
| 4 Cuntais dhíomhaoin                                                     | 10,076         | 10,070            | 4,178             |
| 5 SICAP - An clár uilechuimsitheachta sóisialta agus gníomhachtaí pobail | —              | 15                | 2                 |
| 6 Fáltais ó laghdú a bhain le pinsin ar luach saothair                   | 305            | 455               | 297               |
|                                                                          | <b>23,231</b>  | <b>26,893</b>     | <b>21,662</b>     |

#### Athrúcháin shuntasacha

Tríd is tríd, bhí Leithreasáí i gCabhair €3.662 milliún níos mó ná a bhí measta leis na fáltais. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

##### 1 Míreanna Ilghnéitheacha

Soláthar measta: €50,000, toradh: €174,000

Ba mar thoradh ar fháltais ilghnéitheacha, atá in ann a bheith ag athrú, a bheith níos mó ná mar a measadh a raibh méadú €124,000 ann.

##### 2 LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe

Soláthar measta: €11 milliún, toradh: €13.835 milliún

Ba mar thoradh ar fháltais LEADER AE agus aisíocaíochtaí a fuarthas ó Ghrúpaí Gnímh Áitiúla i leith íocaíochtaí tacaíochta ullmhúcháin nár caitheadh faoin gclár a raibh méadú €2.835 milliún ann.

##### 3 An Fóram um Shíocháin agus Athmhuintearas

Soláthar measta: €1.8 milliún, toradh: €2.344 milliún

Ba mar thoradh ar an bhfáltas deiridh ó Chlár PEACE III, a rabhthas ag súil lena fháil i R4 2017, a raibh méadú €554,000 ann.

##### 6 Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsin ar luach saothair

Soláthar measta: €305,000, toradh €455,000

Mar gheall nár léiríodh go hiomlán sa soláthar measta an méadú ar an líon foirne sa bhliain 2018 a tharla an méadú €150,000.

## Nóta 5 An Líon Fostaithe agus Pá

### 5.1 An líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha)

|                                            | 2018 | 2017 |
|--------------------------------------------|------|------|
| Líon foirne sa roinn ag deireadh na bliana | 147  | 109  |

### 5.2 Pá

|                                                                                  | 2018         | 2017         |
|----------------------------------------------------------------------------------|--------------|--------------|
|                                                                                  | €000         | €000         |
| Pá                                                                               | 6,954        | 4,621        |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 67           | 53           |
| Ragobair                                                                         | 18           | 5            |
| ÁSPC an Fhostóra                                                                 | 476          | 275          |
| <b>Pá iomlán</b>                                                                 | <b>7,515</b> | <b>4,954</b> |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

|                                                              | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó |        |
|--------------------------------------------------------------|-----------------------|----------------------------------------|------------------------|--------|
|                                                              |                       |                                        | 2018                   | 2017   |
|                                                              |                       |                                        | €                      | €      |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 14                    | 3                                      | 20,613                 | 13,589 |
| Ragobair nó freastal breise                                  | 7                     | 1                                      | 13,792                 | 2,050  |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin           | 1                     | 1                                      | 17,246                 | 3,055  |

### 5.4 Ró-íocaíochtaí tuarastail

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €15,283 i leith 13 duine aonair. (Figiúirí i ndáil le 2017: €11,319; 6 duine aonair). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ndáil le gach ceann de na ró-íocaíochtaí sa bhliain 2018.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

|     |                                                                                                   | 2018          |               | 2017          |
|-----|---------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------|---------------|---------------|
|     |                                                                                                   | Measta        | Toradh        | Toradh        |
|     |                                                                                                   | €000          | €000          | €000          |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)         | 10,292        | 10,292        | 8,570         |
| B.4 | SICAP agus tacaíochtaí forbartha áitiúil agus réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag gCrannchur Náisiúnta) | 2,974         | 2,974         | 2,522         |
|     |                                                                                                   | <b>13,266</b> | <b>13,266</b> | <b>11,092</b> |

### 6.2 Maoiniú ón AE

Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfo-cheannteidil A.6 agus B.8 tacaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ag Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa faoi seach. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le maoiniú agus torthaí AE, bunaithe ar rátaí caiteachais agus cómhaoinithe

|     |                                          | 2018            |               | 2017         |
|-----|------------------------------------------|-----------------|---------------|--------------|
|     |                                          | Soláthar Measta | Toradh        | Toradh       |
|     |                                          | €000            | €000          | €000         |
| A.6 | LEADER - Fochlár Eacnamaíochta           | 13,000          | 13,950        | 7,473        |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 3,169           | 3,388         | 815          |
|     |                                          | <b>16,169</b>   | <b>17,338</b> | <b>8,288</b> |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

---

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann [amhail deireadh Márta 2019] nó [amhail an dáta ar síníodh an cuntas], an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deiridh agus ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste roinne         | Tréimhse deiridh cuntasaíochta | Dáta na tuarascála iniúchta | Faighthe ag an Roinn | Dáta arna gcur i láthair an Oireachtais |
|---------------------------------|--------------------------------|-----------------------------|----------------------|-----------------------------------------|
| Sábháilteacht                   | 2017                           | 13 Nollaig 2018             | 14 Nollaig 2018      | 19 Nollaig 2018                         |
| Uisce na hÉireann               |                                |                             |                      |                                         |
| Pobal                           | 2017                           | 29 Meitheamh 2018           | 3 Eanáir 2019        | 4 Eanáir 2019                           |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2017                           | 22 Deireadh Fómhair 2018    | 7 Nollaig 2018       | 14 Bealtaine 2019                       |
| An tÚdarás Rialála Carthanais   | 2017                           | 13 Nollaig 2018             | 14 Nollaig 2018      | 19 Nollaig 2018                         |